**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7,
D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7,
D07 X320

**www.hpv.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn

Eanáir 2026

**Clár Vacsaínithe Cúitimh HPV 2026**

A Phríomhoide, a chara,

Tá FSS fíorbhuíoch as an gcomhoibriú idir Príomhoidí agus foireann iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta i gcur chun feidhme Clár Vacsaínithe Cúitimh HPV chun leanaí a chosaint ar iarmhairtí ionfhabhtaithe ó phapalómaivíreas daonna (HPV), lena n-áirítear roinnt cineálacha ailse.

Is é is aidhm don litir seo tú a chur ar an eolas faoin gclár seo in 2026 agus do chúnamh a iarraidh chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla na ndaltaí atá incháilithe don vacsaíniú cúitimh HPV.

Tá an vacsaín HPV (Gardasil 9) sábháilte agus éifeachtach agus níl aon athrú tagtha ar phróifíl sábháilteachta na vacsaíne HPV ó cuireadh tús le clár vacsaínithe FSS in 2010.

Tá deis eile á tairiscint ag an FSS do dhaoine óga iad féin a chosaint ó HPV, tríd an vacsaín HPV a fháil, mura bhfuair siad vacsaíniú nuair a tairgeadh dóibh sa chéad bhliain é.

**Cé dóibh a bhfuil an vacsaín seo á tairiscint?**

Tá an vacsaínithe cúitimh HPV (papalómaivíreas daonna) á thairiscint do gach dalta atá sa 5ú agus 6ú bliain, nach bhfuair an vacsaín HPV roimhe seo. Beidh bliainghrúpaí eile incháilithe sna blianta ina dhiaidh sin.

**Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV atá de dhíth?**

Ní gá don chuid is mó de scoláirí ach **aon dáileog amháin** de vacsaín HPV a fháil (má tá córas imdhíonachta lag ag duine, beidh 3 dháileog ag teastáil uathu). Tabhair cuairt ar www.hpv.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

**Bheimis an-bhuíoch dá mbeadh do scoil in ann na nithe seo a leanas a dháileadh:**

- Pacáistí toilithe, nuair a sholáthraíonn foirne imdhíonta FSS iad, do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla daltaí sa 5ú agus 6ú bliain a d’fhéadfadh a bheith incháilithe chun vacsaíniú cúitimh HPV faoin gClár seo**.**

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7,
D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7,
D07 X320

**www.hpv.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn

- Chun tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a chur ar an eolas faoi Chlár Vacsaínithe Cúitimh HPV, b'fhéidir gur mhaith leat roinnt eolais faoin gclár a chur ar shuíomh gréasáin do scoile, ar chuntais na meán sóisialta nó é a sheoladh trí fholáireamh téacs.

Seo a leanas an téacs atá molta don mheabhrúchán:
"*Tá faisnéis ó FSS á tabhairt dóibh siúd atá sa 5ú agus 6ú bliain chun tú a chur ar an eolas faoin gClár Vacsaínithe Cúitimh HPV. Má tá do leanbh incháilithe le haghaidh vacsaínithe cúitimh agus más mian leat leas a bhaint as an tairiscint, líon isteach an fhoirm toilithe agus seol ar ais ar scoil í. Chun níos mó eolais a fháil téigh chuig www.hpv.ie*"

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as ucht bhur gcomhoibriú i ndáil le cláir vacsaínithe rathúla a sheachadadh sna blianta roimhe seo agus as liostaí ranga a chur ar fáil d'fhoirne FSS chun go mbeidh an oiread daoine óga agus is féidir cosanta.

Leanfaidh na foirne vacsaínithe FSS orthu ag oibriú leat chun a chinntiú go gcuirfear seisiúin vacsaínithe na bliana seo i gcrích chomh héifeachtúil agus is féidir. Mar is gnách, cloíonn siad le polasaithe na scoile agus an tseirbhís seo á soláthar acu. Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort féin nó ar aon tuismitheoir/caomhnóirí dlíthiúla téigh chuig www.hpv.ie nó déan teagmháil le d'fhoireann vacsaínithe áitiúil le do thoil.

Is mise le meas

**An Dr Lucy Jessop**
**Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta,**
**An Oifig Náisiúnta**